



BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

Tuarascáil Bhliantúil

2005



Tréimhse Tuairiscithe 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2005

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismi Muiri (BITM) ar an 25 lá de Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil ach ag Bord Imscrúdú Taismi Muiri amháin áta i d'teideal ar an gcóipcheart de réir Alt 35(5) d'Acht Loingis Cheannaiochta (Imscrúdú Taismi Muiri) 2000.

Nil cead ag éinne aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeath, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leightreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

is féidir le lucht oideachais úsáid a bhaint den tuairisc seo le haghaidh aidhmeanna oideachais.

Clár

Rannán 1

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Baill Bhoird agus Eolas Ginearálta	4
Imscrúdaithe agus Tuarascálacha	7
Réamhrá	8
Achoimre ar theagmhais a tharla idir 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2005	9
Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2005	11
Sampla cásanna a foilsíodh le linn na bliana 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2005	14
Réamh-imscrúdaithe a tharla in 2005	15
Comparáid idir na tasmí muirí a tharla le linn 2002, 2003, 2004 agus 2005	16
Comparáid idir tuarascálacha BITM a foilsíodh do na blianta 2002, 2003, 2004 agus 2005	17

Rannán 2

Ráitis Airgeadais don tréimhse 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2005	19
--	----

Ráiteas an Chathaoirligh



John G. O'Donnell, B.L.
Cathaoirleach

A Aire, a chara

Tá athas orm an tríú Thuarascáil Bhliantúil de chuid Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) a chur i láthair de réir Ailt 21 den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000.

Sa bhliain lú Eanáir go 31ú Nollaig 2005, bhain soitheach aon déag i dtimpistí agus cailleadh ochtar duine dá bharr. Leagtar amach comparáid idir an bhliain seo, 2005, agus na blianta 2002, 2003 agus 2004 ar leathanach 16 den tuarascáil seo agus is féidir scéal a dhéanamh gairid de réir mar a leanas:

	2002	2003	2004	2005
Teagmhais	8	17	15	11
BÁS	7	12	14	8
Gortú	2	2	2	0
Soithí a bhí baint leis	9	18	17	11

Ní féidir claonta ar bith a fháil ó na figiúirí seo ach amháin gur laghdaigh líon básanna ó cheathrar duine dhéag in 2004 go hochtar in 2005. Is cúis imní le BITM gur cailleadh cúigear in 2005, áfach, agus iad ina n-aonar i mbáid bheaga oscailte. Is cúis imní é easpa réamhchúirimí sábhailteachta, go hairithe ó tharla go bhfuil méadú ar líon na ndaoine atá ag úsáid árthaí áineasa srl.

Tá BITM sásta go bhfuil ár gcuid moltaí glactha agus churtha i bhfeidhm ag an Oireachtas. Tugaimid fáilte ar leith roimh chur i bhfeidhm Achta um Shábháilteachta 2005. Tháinig sé i bhfeidhm ina iomláine 29ú Iúil 2005. Dhianaigh sé an dlí go mór maidir le hárthaí pearsanta agus árthaí áineasa, le codanna cleachtais le haghaidh oibriú sábháilteachta na soithí agus cruthú cionta nua maidir le soithí neamh-inseolta srl. Tugann sé cumhachtaí do na húdaráis Áitiúla go hairithe le rialacháin fhodhlí a chruthú srl, maidir le rialú agus rialúcháin na n-árthaí. Tá fáilte roimh na bearta seo uile go deimhin. Táimid ag súil go mbeidh forfheidhmiú cuí ann dá réir.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Baill an Bhoird (iar-bhaill agus baill atá ann faoi láthair araon) as an oll-iarracht a rinne siad chun riaráiste cásanna a ghlanadh agus chun an Bord a thabhairt do leibhéal inghlactha feidhmíochta. Thug na baill a gcuid ama saor in aisce, go toilteanach díograsach chun a gcuid oibre a dhéanamh go dtí seo, as ar chór iad a mholadh.

Ba mhiath liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Rúnaíocht fosta as a gcuid oibre agus tiomantas chun spriocanna an Bhoird a bhaint amach go dtí seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, An tUasal Noel Dempsey T.D. as an tacaíocht a tugadh don Bhord le linn na bliana 2005. Tá mé ag súil go mór le bheith i mo Cathaoirleach don bhliain seo chugainn.

JOHN G. O'DONNELL, B.L.
CHATHAOIRLIGH

Baill an Bhoird agus Eolas Ginearálta



Cathaoirleach:
An tUasal John G. O'Donnell, B.L.



Leas-Chathaoirleach:
Iníon Sinéad Brett, B.C.L., LL.M



Baill an Bhoird:
An tUasal Thomas R. Power



Baill an Bhoird:
**An tUasal Brian Hogan,
An Príomh-Shuirbhéir**



Baill an Bhoird:
Iníon Mary Lally

Rúnaí: Ms Bridie Cullinane
Rúnaíocht: Iníon Helena Murphy

Oifig Chláraithe Lána Líosain
Baile Átha Cliath 2.
Guthán: 01 - 6782460/61
Facs: 01 - 6783129
R-Phoist: info@mcib.ie
Suíomh idirghrásáin: www.mcib.ie

Iníúcháirí: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Stáitche
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

Eolas gineáralta maidir leis an Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) seo a leanas.

Bunaíocht an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú Tasmí Muirí) 2000.

Feidhm an Bhoird

Is í Feidhm an Bhoird imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, de réir mar a shainítear in Alt 2 den Acht.

Is í an bhrí le Taisme Muirí teagmhas nó próiseas, a chuireann bagairt ar nó atá ina bhagairt:

- (a) de bhás nó gortú dáiríre do dhuine;
- (b) le duine a chailleadh thar bord;
- (c) le soitheach nó le sealúchas a chailleadh nó a triomú, nó damáiste nó imbualadh a dhéanamh air; nó
- (d) damáiste suntasach a dhéanamh don timpeallacht, a bhaineann le feidhmiú:
 - (i) soitheach in uiscí na hÉireann;
 - (ii) soitheach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí áit ar bith; nó
 - (iii) soitheach ar gnáth leis bheith suite nó múrálte in uiscí na hÉireann agus atá faoi rialúchán cónaitheoir an Stáit, in uiscí idirnáisiúnta comhtheagmhálach le huiscí na hÉireann.

Is é cuspóir gach imscrúdú:

1. Cúis nó cúiseanna le taisme mhuirí a bhunú.
2. Tuarascáil a dhéanamh ar an taisme muirí le haghaidh moltaí chun a mhacashamháil de thaismí muirí a sheachaint.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara NACH bhfuil sé mar aidhm ag imscrúdú locht nó milleán a chur. Ní ionchúisíonn an Bord. Is feidhm na gComhlachtaí Reachtúla ionchúiseamh ar bith a éiríonn as taisme ar bith, is é sin, An Garda Síochána, an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte srl.

Stádas

Is comhlacht neamhspléach é BITM a bhfuil a mhaoiniú féin aige a sholáthraíonn an tOireachtas de réir Ailt 19 den Acht.

Seoltar cóip den tuarascáil deireanach i ngach imscrúdú don Aire le haghaidh breathnaithe ar na moltaí atá istigh inti. Cuirtear an tuarascáil deirneach ar fáil don phobal (ar iarratas) saor in aisce nó is féidir é a fháil ar laithreán gréasáin BITM ag www.mcib.ie

Imscrúdaithe agus Tuarascálacha 2005



Tréimhse tuarascála 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2005

Reamhrá

Ó am ar bunaíodh an Bord coinníodh staisticí ar na taismí uile a ndearna sé imscrúdú orthu, sa dóigh gur féidir claontaí a n-éiríonn astú a fheiceáil, agus gur féidir leis na húdaráis oiriúnacha beart cuí a dhéanamh chun taismí a sheachaint sa todhcháí.

Rinneadh imscrúdú ar agus foilsíodh cúig chás 's ochtó ón am ar shuí an Bord don chéad uair in 2002. Léiríonn na staisticí seo a leanas na cineálacha áineasa a bhí ann agus cúis le gach teagmhas agus tabhairfidh an léitheoir léargas do scóip agus obair an Bhoird agus a gcuid imscrúdaitheoirí.

Foilsíodh tuarascáil agus fiche le linn na tréimhse dhá mhí dhéag ó 1ú Eanáir go 31ú Nollaig 2005. Cuireadh tús le himscrúdú taisme muirí aon déag nua. Ina theannta sin tugadh faoi thrí réamh-imscrúdú.

Achoimre ar Theagmhais a Tharla Idir 2005

1ú Eanáir 2004 go 31ú Nollaig 2005

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL SOITHIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ BÁS	CÚIS TEAGMHAIS
Rondo (BITM/107)	28.10.2005	Soitheach Áineasa Seoltóireacht	Fear thar bord	Ar 18.02.2005 bhí beirt criú ag seoltóireacht luamh Rondo ón Rós go Baile Átha Cliath nuair a maistreadh ball criú amháin thar bord.	1 Bás	Maistreadh fear criú, a bhí ar deic ina aonar gan seiceád tarrthála nó uim shábháilteachta air, thar bord
Pod Sant Yann (BITM/108)	21.10.2005	Soitheach lascaireachta (15 - 24 mhéadar)	Tine	Ar 25.04.2005, bhí Pod Sant Yann ag iascaireacht dhá mhíle déag theas de Dhún na Séad, Co. Chorcaí. Thit tine amach 26.04.2005 agus cailleadh an soitheach dá bharr.	Dada	Cúis le tine gan aithne
Catherine L (BITM/114)	29.11.2006	Soitheach lascaireachta (<15 mhéadar)	Bá	Ar 18.07.2005 d'ímigh punta amach ó Chionn Caslach, Co. Dhún na nGall le haghaidh iascaireacht bradán. Bhí ball criú amháin ar bord Fuarthas an corp níos moille sa lá.	1 Bás	Is féidir gur chuir coinníolacha drochaimsire leis an teagmhas.
Bá ag Baile Chuillinn (BITM/115)	02.06.2006	Soitheach Áineasa Bád Oscailte	Bá	Ar 21.08.2005 bhí fear ag iascaireacht amach ó Bhaile Taidhg, An Dumhach, Co. Loch Garman. Fuarthas a chorp 31.08.2005	1 Bás	Ní raibh an fear seo ag caitheamh seaicéid tarrthála agus bhí ag iascaireacht ina aonar.
Paula (BITM/105)		Soitheach lascaireachta (>24 mhéadar)	Teacht go grinneall	Ar 24.01.2005 Tháinig an soitheach iascaireachta Paula agus criú dhuine dhéag ar bord isteach Port Selje, An Iorua, le haghaidh cothabhála gnáthaimh agus lena cuid gabhála a fhágáil. .	Dada	Faoi imscrúdú
Megawat (BITM/109)		Soitheach Áineasa Seoltóireacht	Teacht go grinneall	Ar 26.05.2005 chuaigh an luamh, Megawat, go grinneall idir Bhaile Átha Cliath agus Alban. D'aistrigh an criú go soitheach eile	Dada	Faoi imscrúdú
KU EE TU (BITM/113)		Long Paisinéirí	Fear thar bord	Ar 09.07.2005 thit fear thar bord long Paisinéirí KU-EE-TU ar Loch Deirgeit, Co. Thiobraid Árann. Bhí 36 phaisinéirí ar bord. Fuarthas corp 15. 07. 2005	1 Bás	Faoi imscrúdú
BRO Traveller (BITM/117)		Lastlong Tancaer	Teacht ar talamh	Ar 17.09. 2005 Tháinig an tancaer Sualannach cláraithe Bro Traveller ar talamh i mBá Bhaile Átha Cliath.	Dada	Faoi imscrúdú
Lady Helen (BITM/119)		Soitheach Áineasa Seoltóireacht	Fear thar bord	Ar 21.10.2005 d'ímigh luamh Lady Helen agus fear amháin uirthi as An Bun Beag, Co. Dhún na nGall go hOileán Thoraí Fuarthas an corp ar 22.10.2005	1 Bás	Faoi imscrúdú

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL SOITHIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ BÁS	CÚIS TEAGMHAIS
Rising Sun (BITM/118)		Soitheach lascaireachta (<15 mhéadar)	Teacht Soitheach lascaireachta go grinneall	Ar 29.11.2005 bhí soitheach iascaireachta Rising Sun agus triúir criú ar bord ag iascaireacht amach ó na hOileáin Saití, Co. Loch Garman. D'iompaigh an soitheach béal faoi agus chuaigh go grinneall dá bharr. Mhair ball criú amháin. Ní bhfuarthas corp an scipéara.	2 Bhas	Faoi imscrúdú
Moonriver (BITM/120)		Long Paisinéirí Baile	Bá	D'imigh an árthaí pléisiúir, Moonriver, as an ché ag Cora Droma Rúisc. Bhí 61 phaisinéirí ar bord agus 7 mballchriú ar bord. Thit paisinéir fireannach thar bord. Fuarthas an corp ar 19.12.2005	1 Bás	Faoi imscrúdú

Achoimre ar Thuarscalácha a Foilsíodh le Linn na Bliana 2005

1ú Eanáir 2004 go 31ú Nollaig 2005

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL SOITHIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ BÁS	CÚIS TEAGMHAIS
Carrie of Camaret (Alias Cabin Fever 1) (BITM/67)	15.03.2005	Bád Paissnéiri	Teacht ar talamh	Ar 13.06.2003 tháinig an soitheach, Carrie of Camaret, Cabin Fever 1 mar a thugtar air, ar talamh ar Oileán Thóraigh. Sábháilíodh aon duine dhéag ar fad agus cailleadh an soitheach ina hiomláine.	Dada	Níor rinneadh faire ceart agus bhí an criú tuirseach.
Alexia (BITM/80)	18.04.2005	Lastlong Bulciompair	Teip Dhréimire Píolóta	Ar 04.02.2004 bhris dréimire an phiolóta nuair a bhí an píolóta ag teacht ó bhord i mBaile Átha Cliath.	1 Gortú	Staid meathlaithe na téide agus easpa cothabhála
Blanche Eileen (BITM/81)	14.06.2005	Soitheach Iascaireachta (<15 mhéadar)	Iascaire thar bord	Ar 20.04.2004 d'ímigh Blanche Eileen agus duine amháin ar bord aice chun pota gliomach a chaitheamh amach ó Oileán na nGabhar, Co. Chorcaí. Fuarthas í gan fhoireann ag na Laonna Thoir, Co. Chorcaí.	1 Bás	Gan aithne.
Bluebird/ Debonair (BITM/10)	11.02.2005	Ginearálta Lastlong agus Seoltóireacht	Imbhualadh	Ar 20.05.2001 d'imbhuail Bluebird faoi Luamh Debonaire agus í ar a bealach isteach Port Bhaile Átha Cliath. Cailleadh ceathrar dá bharr.	4 Bhás	Níor chomhlíonadh an Luamh Debonaire Rialacháin Imbhualite agus nár choinnigh faire ceart.
Castletown (BITM/96)	01.09.2005	Soitheach Iascaireachta (>24 mhéadar)	Fear thar bord	Ar 05.08. 2004 cailleadh iascaire thar bord ó MFV "Castletown" agus í ag iascaireacht seasca míle taobh theas de Cheann Dhún dTéidige, Co. Chorcaí.	1 Bás	Bhí fear an chriú gafa ag srianta tráil agus clár dobharchú agus scuabtha thar bord.
Bás beirt churachóir (BITM/104)	01.09.2005	Soitheach Áineasa Curach	Iompú béal faoi	Ar 30.10.2004 bhí bheirt churachóir ag pléascadh na cora ag Tigh Móling ar an Bhearú nuair a d'iompaigh siad béal faoi.	2 Bhás	Bhí mórtas agus tuile ghasta ar an Bhearú mar gheall ar fhearthaine úrnua agus d'éirigh an uisce aeraithe, laghdadh buacacht dá réir
Bá ag Gleann an Ghad, Co. Dhún na nGall (BITM/103)	25.08.2005	Soitheach Áineasa Bád Oscailte	Theacht ar talamh	Ar 14.10.2004 d'ímigh fear amach as Gleann an Ghad, Co. Dhún na nGall, ag gliomadóireacht. Fuarthas an bád béal faoi agus bhí bás amháin ann dá bharr	1 Bás	Gan aithne
Scairdscí/ Luasbhád (BITM/71)	31.05.2005	Soitheach Áineasa Scairdscí agus luasbhád	Imbhualadh	Ar 11.08.2004 bhí imbhualadh ann idir scairdscí agus luasbhád i gCuan Eochail, Co. Chorcaí, agus bás amháin ann dá bharr.	1 Bás 1 Gortú	Ní raibh faire ceart á gcoinneáil ag duine ar bith sa dá bhád

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL SOITHIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ BÁS	CÚIS TEAGMHAIS
Scairdscí 2 Soitheach lascaireachta (BITM/85)	30.09.2005	Scairdscí agus Soitheach lascaireachta (<15 mhéadar)	Imbhualadh	Ar 27.06. 2004 bhuaill scairdscí le soitheach iascaireachta a bhí feistithe i mBá Bhaile Uí Bheacháin, Co. An Chláir.	1 Gortú	Ní raibh taithí ag tiomanaí an Scairdscí chun an Scairdscí a ainliú
King Fisher/ Tach Gwel (BITM/28)	18.01.2005	Soithi lascaireachta (<15 mhéadar) (15 -24 mhéadar)	Imbhualadh	Ar 01.04.2000 tharla imbhualadh idir dhá shoitheach iascaireachta thart ar 12 km Thoir theas de Rinn Duáin.	Dada	Easpa faire ceart ar bord "Tach Gwel"
Merchant Bravery (BITM/63)	11.03.2005	Lastlong Ró - Ró	Teagmhas feistithe	Agus é ag feistiú i bPort Bhaile Átha Cliath ar 25.01.2003 gortaíodh fear chriú go marafach.	1 Bás	Cuireadh líne festithe trí snapphloc a bhí ceangailte d'fháinne neamhcheadaithe "U" nuair a theip ar tháthán san fháinne "U".
Olive Rachel (BITM/79)	19.12.2005	Soitheach lascaireachta (>24 mhéadar)	Teacht go grinneall	Ba í drochaimsir cúis leis an soitheach seo teacht go grinneall gar do Mhionn Ard ar 17.09.2003. Chuaigh 3 chriú ar bord an ráfta tarrthála.	Dada	Ní raibh an soitheach i stáid oiriúnach do chonniolacha aimsire a bhí ann
Patriarch (BITM/97)	18.11.2005	Soitheach Áineasa Mótár	Theacht ar talamh	Ar 01.09.2004 d'imigh an soitheach as Cuan Chill Rónáin go Cuan an Fhóid Duibh. Thit tine amach agus d'éirigh as rialiú, sábháilíodh trúir ballchriú.	Dada	Cúis le tine gan aithne
Pod Sant Yann (BITM/108)	21.10.2005	Soitheach lascaireachta (15 -24 mhéadar)	Tine	Ar 25.04.2005, bhí Pod Sant Yann ag iascaireacht dhá mhíle déag theas de Dhún na Séad, Co. Chorcaí nuair a thit tine amach agus cailleadh an soitheach dá bharr.	Dada	Cúis le tine gan aithne
Teagmhas BCI (BITM/95)	30.09.2005	BCI	Beirt chriú thar bord	Ar 25.05.2004 caitheadh beirt chriú as Club Luamhaireachta Royal Saint George ó BCI i mBá Bhaile Átha Cliath.	Dada	Caitheadh beirt chriú ón BCI thar bord nuair a thit BCI tonn agus é ag taisteal ró ghasta
Rondo (BITM/107)	28.10.2005	Soitheach Áineasa Seoltóireacht	Fear thar bord	Ar 17.02.2005 bhí beirt chriú ag seoltóireacht luamh Rondo ón Rós go Baile Átha Cliath nuair a maistreadh ball criú amháin thar bord.	1 Bás	Maistreadh fear criú, a bhí ar deic ina aonar gan seiceád tarrthála nó uim shábháilteachta air, thar bord
Rosses Morn (BITM/83)	01.09.2005	Soitheach lascaireachta (15 -24 mhéadar)	Theacht ar talamh	Ar 04.02.1999 chuaigh Rosses Morn ar talamh ag Pointa Leganagh, Co Chorcaí agus cailleadh soitheach agus chriú amháin dá bharr.	1 Bás	Ba thuirse a chur le heaspa faire ceart

AINM	DÁTA FOILSEACHÁIN	CINEÁIL SOITHIGH	CINEÁIL TEAGMHAIS	ACHOIMRE	GORTÚ BÁS	CÚIS TEAGMHAIS
Cuan na gCaorach (BITM/94)	18.04.2005	Soitheach Áineasa Bád Oscailte	Iompú Béal Faoi is Dóchúil	Ar 03.05.2004 d'ímigh beirt iascaire as Pointa Balt, Co. Dhún na nGall le dul ag iascaireachta i mBá na nArd. Fuarthas a gcorp níos moille sa tráthnóna sin.	2 Bhás	Gan aithne ach is dócha gur iompú éal faoi de bharr theip innill é
St. Oliver (BITM/98)	22.12.2005	Soitheach lascaireachta (15 -24 mhéadar)	Teacht ar talamh agus iompú béal faoi	D'ímigh an soitheach as Litir Ard ag dul go Ros a Mhíl De bharr drochaimsire tháinig sé ar talamh agus briseadh é.	4 Bhás	Coinnialacha drochaimsire agus teip na ríomhaire ar bord
Stelimar/ Almanama (BITM/48)	28.01.2005	Soitheach lascaireachta agus Tancaer (15 -24 mhéadar)	Imbhualadh	Tharla imbualadh 13.06.2000 taobh theas de chósta Loch Garman idir Stelimar agus Almanama.	Dada	Níor chomhlíonaigh Almanama leis na Rialacháin Imbhualte
Sybille (BITM/84)	09.03.2005	Last Long Coimeádán Lasta	Teip Dhréimire Píolóta	Ar 18.02.2004 agus an píolóit ag teacht ar bord Sybille roimh dhul isteach Phort Bhaile Átha Cliath, theip ar théada ag taobh na dréimire	Dada	Theip ar dréimire píolóta de bharr easpa cothabhála

Sampla Cásanna a Foilsíodh le Linn na Bliana 2005

1ú Eanáir 2005 go 31ú Nollaig 2005

Roghnaigh an Bord trí cinn as an chás 'is fiche a foilsíodh le linn na bliana seo a mheasann sé ionadaíoch don chineál cásanna ar a ndearnadh imscrúdú. Tabharfaidh seo léargas don leitheoir ar an réimse imeachtaí agus ar an chineáil imscrúdaithe a dhéanann an Bord.

Bluebird Debonair – BITM/10



Ar 20ú Meitheamh 2001 thart ar 02.50 uaire, tharla imbhualladh ar an bhealach isteach Phort Blaile Átha Cliath idir an soitheach cláraithe San Uinseann agus na Greanáidíní "Bluebird" agus an luamh Éireannach "Debonair". Tharla an t-imbhualladh in áit 0.4 míle loingseoireachta taobh thiar baoi Uimh. 3 i gcoinníollacha maithe aimsire. Bhí solas maith ann ag an am. Bhí ceithre bhás ann.

Cabin Fever 1 Carrie of Camaret – BITM/67



Chuaigh "Carrie of Camaret" (a tógfar air "Cabin Fever 1" amach anseo), rigin fad ríge geaifil scúnair cúnta adhmaid a bhí cláraithe sa Ríocht Aontaithe ar talamh, thaobh thiar theas d'Oileán Thoraigh amach ó chósta Dhún na nGall tráthnóna Dé hAoine 13ú Meitheamh 2003. Bhí gach aon duine de dhuine dhéag acu ar bord, beirt chriú agus naonúr iomaitheoir ag glacadh páirte i Cluiche Réadúlacht de chuid RTÉ. Ní raibh bás ann. Cailleadh an soitheach ina hiomláine.

Mhol BITM gur chór cur i gcuimhne d'úsáideoirí uile ar an riachtanas le socruithe faire sábháilte a dhéanamh agus ar an riachtanas le hanailís riosca cuí a chur i bhfeidhm. Mhol BITM fosta gur chór don Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha reacaíocht a chur i bhfeidhm le haghaidh caidghdeáin inniúlachta don scipéar agus do chriúna bháid phaisinéirí.

Imbhualadh Scairdscí le luasbhád i gCuan Eochail – BITM/71



Tráthnóna 11ú Lúnasa 2003 thart ar 20.20 uair tharla imbhualladh idir scairdscí agus luasbhád ag Cuan inmheánach Eochail, Co. Chorcaí. Bhí an luasbhád ag tarraingt soitheach inséidte, "taoschnó" a thugtar air. Bá é Patrick Daly 15 bliana d'aois ag oibriú an scairdscí. D'imbhualladh an Scairdscí agus an luasbhád faoina chéile agus d'éag Patrick Duffy dá bharr. Bhí oibreoir an luasbháid an tUas. Michael Murry gortaithe go dona ar na cós. Níor gortaiodh an tUas. Martin Pearse, a bhí á tharraingt ar an soitheach inséidte ag an luasbhád ag an am.

Rinne BITM moltaí a phléann le caitheamh ceannbhirt cosanta ar Scairdscíonna agus go gcaithfear faire a bheith ann ar gach árthaí áineasa tarraingthe agus oibiachtaí. Thug an Bord faoi deara go raibh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag foilsíú Bille ag an am a pléann le rialíochán luassoithí.

Réamh-Imscrúdaithe a Tharla in 2005

INCENTIVE – BITM/110

Thit tine amach ar bord "Incentive" 16ú Meitheamh 2005

BÁD TARRTHÁLA BHAILE CHOITÍN – BITM/111

Ghortaigh Mr Redmond Walsh 7ú Aibreán 2005 agus é ag cleachtadh aistrithe ón soitheach go héilecaptair de chuid Ghardaí Cónaí Phort Láirge agus ar ais. Bhuail fleisc chábla chastainn an héilecaptair é thar droichid na sróine agus briseadh í dá bharr.

EXPLORER 1 – BITM/112

Thosaigh tine i seomra innill "Explorer 1" 13ú Márta 2005 amach ó Chuan Chill Mhantáin de bharr go raibh an Máistir ag iarraidh na hinnill a ghabháil le preabsheoláin. Fágadh an soitheach agus shábháil Bád Tarrthála an Inbhir Mhóir na baill criú uile. Chuaigh an soitheach go grinneall 14ú Márta 2005. Ní raibh gortú ar bith ann.

Comparáid Idir na Taismí Muirí/Gortuithe a Tharla le Linn 2002, 2003, 2004 & 2005

Cineál Soithigh	2002	2003	2004	2005
Longa páisinéirí / Báid pháisinéirí				
Ró – Ró Idirnáisiúnta				
Baile				2 Bhás
Bád Páisinéirí	5 Bhás			
Fo-iomlán	5 Bhás			2 Bhás
Lastlonga				
Lastlonga Ginearálta		1 Bás		
Ró – Ró Lastlong		1 Bás		
Tancaer		2 Bhás/1 Gortú		
Bulciompair			1 Gortú	
Coimeádán Lasta		1 Bás		
Impreoir Carranna				
Bád Oibre / Tuga/ Píolót/ Báirse/ Iompreoir Throm				
Fo-iomlán		5 Bhás/1 Gortú	1 Gortú	
Soithi Iascaireachta				
<15 mhéadar		1 Bás	1 Bás	3 Bhás
15 -24 mhéadar			4 Bhás	
>24 mhéadar	1 Bás	1 Bás	1 Bás	
Fo-iomlán	1 Bás	2 Bhás	6 Bhás	3 Bhás
Soitheach Áineasa				
Scairdscíonna		1 Bás	1 Gortú	
Báid Oscailte/ Currach	1 Bás	2 Bhás	6 Bhás	1 Bás
Mótár	2 Ghortú	2 Bhás	2 Bhás	
Seoltóireacht				2 Bhás
Soitheach cumhacht gasta/BCI		1 Gortú		
Fo-iomláin	1 Bás/2 Ghortú	5 Bhás/1 Gortú	8 Bhás/1 Gortú	3 Bhás
Iomlán Cásanna	8	17	15	11
Básanna san Iomlán	7	12	14	8
Gortaithe san Iomlán	2	2	2	0
Líon iomlán soithí atá baint leis	9	18	17	11

Compáraid Idir Tuarascálacha BITM a Foilsíodh 2002, 2003, 2004 & 2005

Cineál Soithigh	2002	2003	2004	2005
Longa páisinéirí / Báid pháisinéirí				
Ró – Ró Idirnáisiúnta	1	2	1	
Baile		1	1	
Bád Paisinéirí		1		
Fo-iomlán	1	4	2	
Lastlonga				
Lastlonga Ginearálta		4	3	
Ró – Ró Lastlong				1
Tancaer			3	
Bulciompair		1	1	
Coimeádán Lasta		2	3	
Impreoir Carranna		1	1	
Bád Oibre / Tuga/ Píolót/ Báirse/ Iompreoir Throm		4	3	
Fo-iomlán		12	14	1
Soithi lascaireachta				
<15 mhéadar		2	5	1
15 -24 mhéadar		3	4	5
>24 mhéadar		5	13	1
Fo-iomlán		10	22	7
Soitheach Áineasa				
Scairdscíonna				1
Báid Oscailte/ Currach		1	3	5
Mótár		2	3	
Seoltóireacht			2	5
Soitheach cumhacht gasta/BCI			1	
Fo-iomlán		3	9	11
Líon Iomlán Turascalacha a foilsíodh	1	24	39	21
Líon Iomlán Soithí atá baint le teagmhais	1	29	47	26
Líon Iomlán Básanna		21	18	19
Líon Iomlán Gortuithe	1	5	9	2

Ráitis Airgeadais 2005



Tréimhse tuarascála 1ú Eanáir go dtí 31ú Nollaig 2005

Clár

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird	21
Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	22
Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach	24
Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta	25
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	26
Clár Comhardaithe	27
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	28

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005

Freagrachtaí an Bhoird

Caithfidh an Bord, faoi Alt 20(1) an Achta Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000, na cuntais is cuí agus is gnáth a choinneáil don airgead go léir atá glactha nó caite acu, a fhad is go mbíonn siad formheasta ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha, le toiliú an Aire Airgeadais. In ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais sin, caithfidh an Bord:

- Polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna a dhéanamh.
- Na ráitis airgeadais a dhéanamh ar bhonn ghnóthas reatha mura mbíonn sé míchuí toimhdiú go mbeidh an Bord in oibríocht leanúnach.
- Difríochtaí ábharacha ó na caighdeáin chuntasíochta infheidhme.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntasáíochta chuí a choinneáil a thaispeánann, le cruinneas réasúnta, suíomh an Bhoird ó thaobh airgid, agus a chinntíonn go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 20(1) an Achta Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000. Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainne a chosaint agus céimeanna réasúnta a dhéanamh chun calaíocht agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

John G. O'Donnell B.L.
John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
15/5/2006

Bridie Cullinane
Bridie Cullinane
Rúnaí
15.05.2006

Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le tabhairt do Thithe an Oireachtais thíolacadh

D'iniúch mé ráitis airgeadais an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005, faoi Alt 20(1) an Achta Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000.

Istigh sna ráitis airgeadais, a rinneadh faoi na polasaithe atá leagtha amach ann, tá Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha.

Freagrachtaí Faoi Seach an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Bord Imscrúdú Taismí Muirí freagrach as na ráitis airgeadais de réir an Achta Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000, agus as rialúchán na n-idirbheart a chinntiú. Déanann an Bord Imscrúdú Taismí Muirí na ráitis airgeadais de réir an chleachtais chuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Bhaill an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is í an fhreagracht atá agam ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialála agus Chaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire).

Tugaim mo bharúil an bhfuil na ráitis airgeadais fíor agus cothrom, de réir an chleachtais chuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn. Tugaim mo bharúil fosta an raibh leabhair chearta cuntasaíochta coinnithe. Chomh maith leis seo cuirim in iúl an bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhaontú le leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc ar aon ásc ábhair nuair nach raibh airgead curtha isteach san áit cheart, nó mura gcloíonn na hidirbhearta leis na húdarais rialaithe.

Tuairiscím fosta mura bhfuair mé an t-eolas uile agus na míniúcháin atá riachtanach faoi choinne m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú le fáil amach an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird maidir le Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, agus ásc ábhair a thuairisciú sa chás nach léiríonn sé an comhlíonadh seo, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó neamhréireach le heolas eile a bhfuil mé feasach air mar gheall ar m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dom a mheas an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais ná rioscaí agus rialúcháin airgeadais uile, nó tuairim a thabhairt ar éifeachtach na modhanna oibre maidir le riosca agus rialúcháin.

Bonn na Tuairime Iniúchta

Mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire) eisithe ag an Bhord um Chleachtais Iniúcháireachta, agus le tagairt a dhéanamh do na comaoineacha speisialta atá ceangailte le comhlachtaí an Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriúchán. Tá scrúdú ann in iniúchadh, ar bhonn tástála, ar an fhianaise a bhaineann le méid, le nochtadh agus le rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá le fáil sna ráitis airgeadais. Istigh ann fosta tá measúnacht ar na meastacháin agus ar na breithiúnais tábhachtacha in ullmhúcháin na ráiteas airgeadais, agus tuairiscím ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta maidir le cúinsí an Bhoird, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go seasta agus nocht go leormhaith.

D'ullmhaigh agus rinne mé m'iniúchadh leis an eolas agus na míniúcháin uile ba ghá liom a aimsiú ionas go mbeinn in ann cinntiú go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas mar gheall ar chalaíocht nó neamhrialtacht nó botún eile. Le mo thuairim a dhéanamh, mheas mé fosta acmhainneacht ghinearálta chur i láthair an eolais sna ráitis airgeadais.

Tuairim

De réir mo bharúla tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir an chleachtais chuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn, ar staid chúrsaí an Bhoird ar an 31ú Nollaig 2005, agus ar ioncam agus caiteachas don bhliain sin.

Is é mo bharúil gur choinnigh an Bord leabhair chuntais chearta. Aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Gerard Smyth

Do agus thar ceann an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas
16 Meitheamh 2006

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2005

Freagracht do Rialú Airgeadais Inmheánach

Ar son an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí admhaím an fhreagracht atá againn le cinntiú go mbíonn córas éifeachtach inmheánaigh ann.

Ní féidir leis an chóras ar rialú inmheánach ach dearbhuithe réasúnta a thabhairt, gan lánchinnteacht, go bhfuil sócmhainní sábháilte, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is ceart, agus go gcuirtear cosc ar nó go bhfaightear botúin ábhair nó neamhrialtachtaí eile go tráthúil.

Modhanna Oibre Rialúcháin Thábhachtacha

Tá na rialacháin airgeadais a bhí i bhfeidhm i rith na bliana mar seo a leanas:

- Tá gach íocaíocht (seachas tuarastail fhoirne a bhí íoctha ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha) údaraithe ag beirt bhall an Bhoird.
- Bhí gach éileamh taistil agus marthana údaraithe ag oifigeach sinsearach i Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha.
- Tá codanna iompair ghnó do bhall an Bhoird i bhfearas.
- Tugann an Rúnaí comhairle don bhord ag gach cruinniú an Bhoird ar staid airgeadais reatha an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.


D'aistrigh máthair-roinn don Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí, mar gheall ar chinneadh an Rialtais, ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha go dtí an Roinn Iompair ón 1ú Eanáir 2006 ar aghaidh. Bhí an Roinn Iompair ag iarraidh maolú ar bhunú choiste iniúchta agus ar fheidhm iniúchta inmheánaigh. Roimhe sin ba í an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha a bhí ag iarraidh maolú.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtach córas an rialaithe airgeadais inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31ú Nollaig 2005.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Dearbhaím gur rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialú airgeadais inmheánach don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005.

Sínte ar son an Bhoird



John G O'Donnell B.L.
Cathaoirleach

15/5/2006

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2005

1. Ginearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000. Thosaigh an Bord oibriúcháin ar an 5ú lá de Mheitheamh 2002. Bunaíodh go hoifigiúil é ar an 25ú de Mhárta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí agus foilsíonn sé na torthaí.

2. Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na Ráitis Airgeadais an bhliain ón 1ú Eanáir 2005 go dtí an 31ú Nollaig 2005.

3. Bonn na Cuntasaíochta

Rinneadh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i bhfoirm atá formheasta ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha le cead ón Aire Airgeadais faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000. Déantar na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, seachas mar atá léirithe thíos, agus aontaíonn siad le cleachtadh cuntasaíochta atá glactha go forleathan. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, molta ag Bord na gCaihdheán Cuntasaíochta, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad.

4. Deontais Oireachtais

Tá airgead a thagann ó Dheontais Oireachtais léirithe mar fhíorfháltais airgid tirim sa bhliain ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha, agus íocaíochtaí déanta sa bhliain ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha, maidir le foireann an Bhoird um Imscrúdú Taismí Muirí.

5. Dímhneas

Níl sócmhainní seasta ar bith ag an Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí.

6. Aoisliuntas


Bhí an fhoireann ar an Bhord ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha agus iad clúdaithe ag socraithe pinsin na Roinne.


Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 2005

Don bhliain dar chríoch ar an 31ú Nollaig 2005

Nótaí	N BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2005		N BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2004	
	€	€	€	€
Ioncam				
Deontas Oireachtais		210,959		213,580
Caiteachas				
Tuarastail Fhoirne	75,959		70,626	
Táillí Bhaill an Bhoird	17,776		17,776	
Seomraí Cruinnithe ar cíós	1,817		750	
Siamsaíocht	-		1,882	
Priontáil. Postas agus Páipéarachas	30,223		70,869	
Cothabháil Shuíomh Ghréasáin	664		545	
Guthán soghluaiste	-		278	
Costais Imscrúdaithe Taisme	842		786	
Marthain & Taisteal: Baill an Bhoird	12,385		19,024	
Marthain & Taisteal: Foireann	-		1,284	
Táillí Dlí agus Gairmiúil	-		1,452	
Táillí Comhairleachta	-		3,150	
Cuntasaíocht	10,083		11,035	
Costais Rúnaíochta	4,500		4,340	
Táillí Iniúchta	6,240		8,000	
Táillí Baint	56		45	
Costais éagsúla	1,203		1,049	
		(161,748)		(212,891)
Barrachas don Bhliain		49,211		689
Iarmhéid tarraingthe anuas ag tús na bliana		(31,089)		(31,778)
Iarmhéid tarraingthe anuas ag deireadh na bliana		18,122		(31,089)

Níl aon ghnóthachain nó cailteanais aitheanta, seachas iad siúd atá clúdaithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Tá Ráiteas ar Pholasaithe agus Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 8 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.


John G. O'Donnell B.L.
Cathaoirleach
15/5/2006



Bridie Cullinane
Rúnaí
15.05.2006


Clár Comhardaithe 2005

Don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2005

Nótaí	AR 31 NOLLAIG 2005		AR 31 NOLLAIG 2004	
	€	€	€	€
Sócmhainní Reatha				
Fiachóirí	6,218		-	
Airgead tirim i seilbh & sa bhanc	51,532		14,674	
	57,750		14,674	
Dlíteanais Reatha				
Fabhraithe (1)	(39,628)		(45,763)	
Glansócmhainní Reatha (Dlíteanais)		18,122		(31,089)
Glansócmhainní (Dlíteanais)		18,122		(31,089)
Ionadaithe ag:				
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		18,122		(31,089)
		18,122		(31,089)

Tá Ráiteas ar Pholasaithe agus Cuntasáíochta agus nótaí 1 go 8 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.


 John G. O'Donnell B.L.
 Cathaoirleach
 15/5/2006


 Bridie Cullinane
 Rúnaí
 15.05.2006

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch 31ú Nollaig 2005

1 Creidiúnaithe: méid ag titim taobh istigh de bhliain	Ar 31 Nollaig 2005	Ar 31 Nollaig 2004
Fabhraithe	€39,628	€45,763

2 Táillí Gairmiúla

Ní raibh táillí ar bith íoctha do na Scrúdaitheoirí Muirí ag an Bhord um Imscrúdú Taismí Muirí cionn is go raibh siad uile fostaithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

3 Fostaithe agus Aoisliuntas

Bhí an fhoireann ar iasacht ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha. Fuair an Roinn na costais ar ais ó leithdháileadh deontais an Bhoird.

4 Costais Oibriúcháin

Maoiníonn an Bord a chuid costas oibriúcháin féin, seachas na seirbhísí seo a leanas atá curtha ar fáil ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, saor in aisce:

- Guthán agus Facs,
- Glantachán,
- Páipéarachas,
- Costais Oifige eile, soilsiú agus téamh san áireamh.

5 Sócmhainní Seasta agus Costais Bhainteacha

Níl aon sócmhainní seasta sealbhaithe in ainm an Bhoird. Chuir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha trealamh, troscán, áitreabh agus costais bhainteacha ar fáil saor in aisce.

6 Cánachas

De réir ailt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ní raibh cánachas ar bith íoctha sna ráitis airgeadais.

7 Baill an Bhoird: Nochtadh Leasa

Ghlac baill an Bhoird nósanna de réir alt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Imscrúdú ar Thaismí Muirí) 2000.

8 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 15ú Bealtaine 2006.



Lána Líosáin, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-6782460. Facs: 01-6783129. www.mcib.ie